



2024/2486

19.9.2024

CINNEADH (AE) 2024/2486 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 10 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2023/2684 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2024 (BCE/2023/28) (BCE/2024/24)

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.
- (2) Bunaithe ar na meastacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2024 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2024 i gCinneadh (AE) 2023/2684 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2023/28) ⁽²⁾.
- (3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhrí ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas *ad hoc* a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.
- (4) An 19 Iúil 2024, fuair BCE iarraidh ó Hrvatska narodna banka thar ceann na Cróite líon na mbonn euro inbhailithe a fhéadfaidh an Chróit a eisiúint in 2024 a mhéadú de mhéid breise EUR 0,11 milliún, ó EUR 0,20 milliún go EUR 0,31 milliún, lena n-áirítear corrlach sábháilteachta. Rinneadh an t-iaratas ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, cuireadh eisiúint dhá dhearadh éagsúla monaí euro inbhailithe, a bhí sceidealaithe ar dtús don ráithe dheireanach de 2023, siar go dtí an chéad ráithe de 2024 mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla. Ar an dara dul síos, cuireadh eagrú ócaíde suntasaí idirnáisiúnta spóirt chuimhneacháin le plean eisiúna bonn bailitheora 2024.
- (5) An 9 Lúnasa 2024, fuair BCE iarraidh ó Národna banka Slovenska thar ceann na Slóvaice líon na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht a fhéadfaidh an tSlóvaic a eisiúint in 2024 a mhéadú de mhéid breise EUR 4,0 milliún, ó EUR 14,0 milliún go EUR 18,0 milliún. Tá líon ard monaí euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht gan choinne eisiúite ó mhí Eanáir 2024, ar dócha go mbeidh sé mar thoradh ar ardú ar phraghsanna earraí tomhaltais laethúla agus ar an éileamh ar mhonaí ardluacha. Meastar go bhfanfaidh an t-éileamh ar bhoinn euro ar leibhéal ardaithe go dtí deireadh 2024. Mar thoradh ar an méadú atá tagtha ar ghlaneisiúint bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, ní mór líon na mbonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht sa tSlóvaic a mhéadú.
- (6) An 26 Lúnasa 2024, fuair BCE iarraidh ó Aireacht Geilleagair agus Airgeadais na Gréige líon na mbonn euro inbhailithe a fhéadfaidh an Ghréig a eisiúint in 2024 a mhéadú de mhéid breise EUR 0,068 milliún, ó EUR 0,61 milliún go EUR 0,68 milliún. Rinneadh an iarraidh chun freastal ar eisiúint 5 000 bonn inbhailithe euro dar téama 'Sráidbhailte agus bailte Martyred na Gréige', luach aghaidhluach EUR 10 an ceann, agus, arna iarraidh sin do Leas-Aire Oideachais, Gnóthaí Reiligiúnacha agus Spóirt na Gréige, dar ar eisiúint 1 800 bonn inbhailithe euro breise a bhfuil an aghaidhluach céanna orthu.

⁽¹⁾ IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2023/2684 ón mBanc Ceannais Eorpach an 21 Samhain 2023 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2024 (BCE/2023/28) (IO L, 2023/2684, 28.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2684/oj>).

- (7) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas *ad hoc*, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh *ad hoc*.
- (8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2023/2684 (BCE/2023/28) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear an tábla in Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2023/2684 (BCE/2023/28) mar a leanas:

- 1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an Ghréig:

‘An Ghréig	129,9	0,68	130,58’;
------------	-------	------	----------

- 2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an Chróit:

‘An Chróit	42,78	0,31	43,09’;
------------	-------	------	---------

- 3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an tSlóvaic:

‘An tSlóvaic	18,00	2,50	20,50’;
--------------	-------	------	---------

- 4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró dar teideal ‘Iomlán’:

‘Iomlán	1 876,02	468,60	2 344,62’.
---------	----------	--------	------------

Airteagal 2

Teacht in éifeacht

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 3

Seolaithe

Tá an Cinneadh seo dírithe ar na Ballstáit arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 10 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE